



Duine Cosúil Liomsa

COMÓRTAS EALAÍNE

Buaigh duaiseanna iontacha suas go luach **€750** ar son do scoile!*

Bronnfar duaiseanna ar:

- * 1 Bhuaitoir Sóisearach an Contae
- * 1 Bhuaitoir Sinsearach an Contae
- * 1 Bhuaitoir Iomlán Náisiúnta

Téigh chuig ár suíomh gréasáin

www.SomeoneLikeMeCompetition.ie

le haghaidh tuilleadh eolais agus le teacht ar na hacmhainní a bhaineann lenár gceachtanna foghlama

SPRIOCdhÁTA
LE HAGHAIDH
IONTRÁLACHA

19
Deireadh
Fómhair
2018

NDA

Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

*Rachaidh buaitoirí chuig searmánas bronnta duaiseanna i Halla na Cathrach i mBaile Átha Cliath i mí na Nollaig i mbliana.

Duine Cosúil Liomsa: Plean Ceachta Sinsearach

Rang a Trí go Rang a Sé

Réamhrá:

Cuir ceist orm!

Déanann na daltaí tomhas ar an ngortú atá i d'intinn, mar shampla, lámh/cos bhriste, ruitín leonta, rosta briste, gualainn as alt, ordóg, agus iad ag cur ceisteanna ort, mar shampla, 'An féidir leat scríobh?', 'An féidir leat do mhála scoile a thógáil?', 'An féidir leat rith?', 'An féidir leat peil a imirt?' agus araile.

Plé ranga

Pléigh conas a théann na gortuithe i bhfeidhm ar shaol laethúil an duine. Ansin fiafraigh de na daltaí cén tuiscint atá acu ar an bhfocal 'míchumas'. Spreag an tuiscint sna daltaí faoi na gortuithe a pléadh nach maireann siad agus nach gcuireann siad isteach i bhfad ar ár saol, i.e., tagann biseach ar chosa briste, ach taispeáin freisin go bhfuil míchumais ann a mhaireann go buan. **Pléigh na ceisteanna mar ranga.**

Forbairt:

- * Tarraing meabhairmhapa 'míchumas' ar an gclár agus tú ag plé leis na daltaí cen t-eolas/ tuiscint atá acu ar mhíchumas, mar shampla, míchumas fisiciúil; míchumas céadfach, bodhaire nó daille mar shampla; agus an míchumas a thagann ar dhaoine agus iad ag éirí níos sine, mar shampla úsáid áiseanna éisteachta agus siúládn.
- * Smaoinigh – Déan péire – Roinn – iarr ar dhaltáí le smaoinemh, le plé agus le scríobh faoi 1) na cosúlachtaí idir daoine atá agus nach bhfuil faoi mhíchumas agus 2) faoi conas is féidir linn caitheamh le daoine eile ar shlí thuisceanach lách. Pléigh seo mar rang.

Seisiún Iomlán:

Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag cruthú píosa ealaíne anois dar teideal '**Duine Cosúil Liomsa**' agus go mbeidh sé bunaithe ar an méid atá foghlamtha acu. Is féidir leo a shocrú más mian leo iontráil ranga, iontráil scoile nó iontráil aonair a chruthú. Nuair a bheidh an obair déanta acu tabhair roinnt ama do na daltaí le féachaint ar shaothair a chéile agus le haiseolas dearfach a thabhairt orthu.

Le Cur Isteach ar an gComórtas:

Cuir d'iontráil in éineacht leis na sonraí thíos ar chúl d'iontrála nó ceangailte leis:

1. Ainm na Scoile / **2.** Uimhir Rolla na Scoile / **3.** Seoladh na Scoile / **4.** Ainm an Mhúinteora / **5.** Leibhéal an Ranga / **6.** Ainm an dalta / **7.** Cur síos gairid ag míniú na smaointe agus na rudaí a spreag an dalta/ na daltaí chun an píosa a dhéanamh (Líon na bhfocal sa leagan sinsearach: suas go 200 focal).

Le haghaidh píosaí níos mó/3T is féidir leat grianghraif a ghlacadh agus iad a chur isteach le do chuid sonraí.

Aidhmeanna:

- * Aithneoidh na daltaí, agus beidh meas acu, ar chosúlachtaí agus difríochtaí i ndaoine
- * Forbróidh na daltaí tuiscint ar mhíchumas
- * Forbróidh na daltaí tuiscint chomhpháirteach ar conas ba chóir dúinn caitheamh le daoine eile i slí bháúil thuisceanach, agus ar conas ba chóir dúinn daoine eile a tharraingt isteach inár gcuid gníomhaíochtaí agus spraoi
- * Freagróidh siad go healaíonta don téama '**Duine Cosúil Liomsa**'
- * Spreagfaidh sé daltaí le labhairt faoin gcuid oibre féin agus faoi obair daltaí eile

Naisc Curaclaim:

- * **OSPS** - Mise agus daoine eile / Mise agus an domhan mór
- * **Na hAmharcealaíona** – Aonaid gach snáithe

- * Déan 'Conradh Ranga le haghaidh Caitheamh le Daoine eile ar Shlí Thuisceanach Lách'

Roghnach: Tá bileog ghníomhaíochta ar fáil ar líne ó:

www.someonelikemecompetition.ie



Is féidir leat an teachtairea '**Duine Cosúil Liomsa**' a léiriú i dtaispeántas scoile, i dtaispeántas ealaíne nó ar shuíomh gréasáin do scoile.

Cuimhnigh

Is féidir leat rud a tharraingt, a phéinteáil, a chló, úsáid a bhaint as cré, struchtúr 3T a dhéanamh, úsáid a bhaint a frabraic nó más mian leat bheith an-chruthaitheach is féidir leat meáin measctha a úsáid.

